Ní rí fíre acht flaith nimhe

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 47]

Fearghal Óg Mac an Bhaird .cct.

1 Ní rí fíre acht flaith nimhe,
rí fíre flaith na cruinne;
do bhí ar neamh fan lia lighe
fear fine, Dia agus duine.

2 Ar chléith dhoinnbhear dia hAoine
do coinnmheadh Dia dar ndín-ne;
daor do bhraith an raon róin-ne
laogh na hóighe, an flaith fíre.

3 Rí fíre an fear nar chronuigh
cneadh na cíche dar gcabhair;
a chóir is é ar n-a oighidh
oidhir Dé tóir a tabhaigh.

4 Tar a thal tiad a dhaoine
níor mhiadh le mac na hóighe
[dá chíos ní] um chneidh na cíghe
rí fíre, gein na glóire.

5 Tug malairt do Mhac Moire
slat do agair.....................
ar aoi a dhéire mar dhlighe
caoi cridhe déine, a dhuine.

6 A Pheadair, déaghaidh dhúin-ne,
déanaidh, a easbail fhíre,
guidhe ar mo chrú le chéile;
tú féine id dhuine dhínn-ne. Ní.